Oifig Náisiúnta Imdhíonta
HSE National Immunisation Office
www.immunisation.ie

Meán Fómhair 2023

**Maidir le: Clár vacsaínithe scoile i gcomhair páistí i rang na Naíonán Sóisearach**

A Thuismitheoir nó a Chaomhnóir,

Sa phacáiste seo léifidh tú eolas faoi vacsaínithe do pháiste. Déan deimhin go léann tú an t-eolas, go líonann tú isteach an fhoirm toilithe agus go seolann tú ar ais í sa chlúdach atá curtha ar fáil.

**Na vacsaínithe a gheobhaidh do pháiste**
Beidh foireann vacsaínithe scoile an FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana chun teanndáileoga de na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- **4 in 1** vacsaín a thugann cosaint ar dhiftéire, phóilió, theiteanas, agus ar an triuch
- **MMR** vacsaín a chuireann cosaint ar fáil ar Bhruitíneach, Leicneach agus Bhruitíneach Dhearg

**An méid dáileog gur gá le do pháiste a fháil**
Ní mór do do pháiste dáileog amháin de vacsaín 4 in 1 agus dáileog amháin den vacsaín MMR a fháil.

Tabharfaidh an t-altra nó an dochtúir instealladh amháin i ngach lámh.

**Cathain a bheidh na cuairteanna**
Beidh foireann vacsaínithe scoile an FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana. Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

**Na nithe a gheobhaidh tú leis an litir seo**
- Bileoga eolais faoi na vacsaíní agus na galair a gcuireann siad cosc orthu. Léigh an t-eolas sin go cúramach agus bain úsáid as chun na vacsaíní a phlé le do pháiste, le do thoil.
- Foirm toilithe le haghaidh vacsaíniú.
  - Comhlánaigh an fhoirm toilithe le do thoil.
  - Seol ar ais an fhoirm sa chlúdach atá curtha ar fáil sula dtosófar na vacsaínithe.
  - Ní mór an fhoirm sin a líonadh isteach i mBLOCLITREACHA le peann agus ní mór go síneodh an tuismitheoir nó an caomhnóir í.

**Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe**
Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte de le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do pháiste:
- Bíodh bricfeasta ite aige nó aici
- Bíodh barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte air nó uirthi
- Tógadh sé nó sí ar scoil an cárta taifid vacsaínithe nó an pas imdhíonta, má tá a leithéid aige nó aici.

Má tá aon cheist nó imní ort, tá baill d'fhoireann vacsaínithe na scoile sásta cabhrú leat. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar www.immunisation.ie áit a bhfaighidh tú tuilleadh eolais faoin gclár seo freisin.

Is mise le meas,

**An Dochtúir Lucy Jessop**
**Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta**
**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**MRCN 424447**